

# Léitheoirí Líofa

Ag Cothú Toil agus  
Scil Léitheoireachta

le Claire M. Dunne



**Beatha teanga  
í a labhairt;**

**Buanú teanga  
í a scríobh;**

**Bláthú teanga  
í a léamh.**

## Nóta Buíochais

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chairde agus mo chomhghleacaithe ar Chumann Litearthachta na hÉireann / Literacy Association of Ireland a spreagann comhráite suimiúla i gcónaí faoi thacú le páistí bunscileanna litearthachta a fhorbairt, agus chun leas cruthaitheach éifeachtach a bhaint astu.

Tá mé thar a bheith buíoch de ‘mo Chairde Criticiúla’ a léigh dréachtaí den leabhar agus a thug moltaí ciallmhara: Jacaí de Brún, Fidelma Ní Ghallchobhair, Gene Mehigan agus Patrick Burke. Is mór agam an machnamh a rinne sibh ar an ábhar. Tá mé buíoch de Fintan Wall a chuir beocht leis an ábhar.

Ba mhaith liom buíochas faoi leith a ghabháil le Emily Barnes, a phléann ceisteanna litearthachta (agus eile!) liom go minic, agus a roinn go leor gníomhaíochtaí spreagúla liom. Tá súil agam go gcabhróidh siad le múinteoirí agus páistí gnéithe suimiúla den Ghaeilge a iniúchadh ar bhealach spráúil sa seomra ranga. Go mbaine tú sult astu!

Chun tagairt a dhéanamh don saothar seo:

Dunne, C. M. (2025). *Léitheoirí líofa. Scil agus toil léitheoireachta*. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta / Institiúid Oideachais Marino.

## Clár

1. Toil agus Scil Léitheoireachta .....	4
2. An Fheasacht Fhóineolaíoch agus Mo Chluasa Gaelacha .....	7
Tuiscint ar Fhuaimneanna .....	7
Focail Aonair a Aithint .....	8
Siollaí a Aithint .....	9
Cumasc Siollaí .....	10
Deighilt Siollaí .....	10
Túsfhoghar agus Foghar Deiridh .....	11
Gnéithe Suimiúla Speisialta faoin nGaeilge .....	12
Tuiscint ar Athruithe Tosaigh agus Deiridh .....	18
Fuaimeanna na Gaeilge agus an Litríú .....	18
3. An Fheasacht Fhóinéimeach agus Fóinéimí na Gaeilge .....	19
Ag Dul i dTaithí ar Fhóinéimí na Gaeilge .....	20
Fóinéimí ag Tús an Fhocail .....	20
Fóinéimí ag Deireadh an Fhocail .....	22
Fóinéimí i Lár an Fhocail .....	23
Fuaimeanna Speisialta na Gaeilge .....	23
Fuaimeanna Fada agus Fuaimeanna Gairide .....	25
Fóinéimí a Chumasc .....	25
Fóinéimí a Scríosadh .....	26
4. Fónaic na Gaeilge agus Mo Chumas Ilteangach .....	27
Fónaic na Gaeilge agus Curaclam Teanga na Bunscoile .....	28
Múineadh na Fónaice Béarla agus Múineadh na Fónaice Gaeilge .....	29
Fónaic sa Ghaeilge agus sa Bhéarla: Cosúlachtaí agus Difríochtaí .....	29
Múineadh na Fónaice .....	30
Treoir maidir le Múineadh na Fónaice .....	31
Gutaí Fada na Gaeilge .....	34
Focail Ardmhnicíochta na Gaeilge .....	35
Focail ‘Shuimiúla’ .....	35

5.	Foclóir agus Mo Chumas Ilteangach.....	36
	Comhchiallaigh sa Ghaeilge agus sa Bhéarla.....	36
	Dul Siar ar Aidiachtaí agus Briathra sa Ghaeilge.....	36
	Coincheapa Nua agus an Cumas Ilteangach.....	37
6.	Seanchas, Scéalaíocht agus Líofacht Léitheoireachta .....	38
	Cineálacha Éagsúla Léitheoireachta .....	38
7.	Straitéisí Tuisceana, Forbairt Foclóra, agus Forbairt na Gaeilge .....	40
	Straitéisí Tuisceana .....	40
	Ag Tógáil ar Eolas Cúlra an Pháiste.....	41
	Ag Tacú le Forbairt Foclóra (Úsáid Foclóra).....	42
	Réimíreanna agus Iarmhíreanna na Gaeilge.....	42
8.	Fás agus Forbairt na Gaeilge .....	43
	Teacht na Críostaíochta agus Tionchar na Laidine.....	43
	Teacht na Lochlannach agus Tionchar na Sean-Lochlainnise.....	44
	Teacht na Normannach agus Tionchar na hAngla-Normainnise agus an Mheán-Bhéarla .....	45
	Saibhreas na Lámhscríbhinní.....	45
	An Cló Gaelach agus an Cló Rómhánach .....	46
	Tionchar na Gaeilge ar an mBéarla.....	47
	An Ghaeilge ag Síorfás agus Síorfhorbairt .....	48

# 1. Toil agus Scil Léitheoireachta

Tá toil agus scil ag teastáil le go mbeidh páistí ag iarraidh agus in ann léamh as Gaeilge. Baineann na gníomhaíochtaí i *Scéalta den Scoth* agus i *Bímis ag Léamh* go mór mór leis an gcéad téama thuas : toil. Is gníomhaíochtaí iad chun páistí a spreagadh chun spéis a chur in ábhar léitheoireachta Gaeilge agus taithí dhearfach léitheoireachta a chothú.

↓ Íoslódáil an leabhrán anseo: [Bímis ag Léamh](#)

↓ Íoslódáil *Scéalta den Scoth* anseo: [Scéalta den Scoth](#)

Tá gá le scil léitheoireachta a fhorbairt ag an am céanna chun muinín a thabhairt do pháistí agus le tacú leo a bheith ina léitheoirí cumasacha. Scríobhadh an leabhar seo le húsáid i gcomhpháirt leis na leabhair thuas agus chun tacú le múinteoirí eolas ar an ábhar, mar aon le hoideolaíocht chuí a iniúchadh, chomh fada is a bhaineann sé le léitheoireacht na Gaeilge.

Léiríonn an taighde idirnáisiúnta go bhfuil na gnéithe seo a leanas riachtanach chun cumas léitheoireachta an pháiste a fhorbairt:

- An Fheasacht Fhóinéimeach
- Fónaic
- Líofacht Léitheoireachta
- Foclóir
- Léamhthuiscint (NICHD & US Department of Education, 2000)

📖 Léigh Tuarascáil an National Reading Panel [anseo](#).


📖 Léigh treoir phraiticiúil Shanahan (2005) do mhúinteoirí bunaithe ar Thuarascáil an National Reading Panel [anseo](#).

Baineann an taighde idirnáisiúnta, agus Tuarascáil an National Reading Panel thuasluaite, leis an mBéarla agus tá buairt léirithe ag taighdeoirí mar shampla, Share (2021) agus de Brún (2022), nach gcuirtear teangacha eile san áireamh i gcónaí.

📖 Léigh alt Share (2021) *Is the Science of Reading Just the Science of Reading English?* [anseo](#).

📖 Léigh faoi dhifríochtaí idir an Béarla agus teangacha eile ar leathanaigh 54-56 de thaighde de Brún (2022) [anseo](#).


Léiríonn taighde idirnáisiúnta ar thacú le páistí ilteangacha agus páistí ó mhionchultúir go gcabhraíonn na 5 ghné thuasluaite leo i bhforbairt na litearthachta sa Bhéarla: An Fheasacht Fhóinéimeach, Fónaic, Líofacht Léitheoireachta, Foclóir, agus Léamhthuisctint ach gur gá iad a chur in oiriúint do pháistí ilteangacha, deiseanna a thabhairt dóibh tarraingt ar roinnt scileanna sa chéad teanga, agus béim a chur ar scileanna léamhthuisceana, agus ar an teanga ó bhéal a fhorbairt (August agus Shanahan, 2006).

 Léigh August agus Shanhan (2006) *Developing Literacy in Second-Language Learners: Report of the National Literacy Panel on Language-Minority Children and Youth* [anseo](#).

Bíonn deis ag páistí scileanna léitheoireachta a fhorbairt go foirmiúil in dhá theanga i mbunscoileanna na hÉireann: Gaeilge agus Béarla. Beidh deis ag páistí sna blianta amach romhainn teanga bhreise a fhoghlaim sna ranganna sinsearacha. In amanna, bíonn teanga nó teangacha eile á labhairt nó á n-úsáid ag an bpáiste sa bhaile, nó bíonn teagmháil acu le ceann de na 200 teanga a bhíonn in úsáid in Éirinn.

Léiríonn an taighde idirnáisiúnta maidir le páistí ilteangacha go bhfuil gá leis na gnéithe breise seo a leanas a fhorbairt:

- Tarraingt ar stór ilteangach an pháiste
- Rannpháirtíocht litearthachta a mhéadú
- Oideolaíocht a léiríonn meas ar an éagsúlacht cultúr a chur chun cinn
- Luach a chur ar leaganacha éagsúla teanga (Cummins, 2021)

 Breathnaigh ar agallamh le Jim Cummins ina bpléann sé an leabhar *Rethinking the Education of Multilingual Learners* [anseo](#).

Léiríonn taighde náisiúnta ar fhorbairt léitheoireacht na Gaeilge go bhfuil gá leis na gnéithe seo a leanas a fhorbairt:

- An fheasacht fhóineolaíoch sa Ghaeilge
- Na fóinéimí atá cosúil le chéile sa Bhéarla agus sa Ghaeilge a iniúchadh
- Na fóinéimí faoi leith atá sa Ghaeilge a mhúineadh go follasach
- Dearcthaí dearfacha a fhorbairt i leith léitheoireacht na Gaeilge
- Tuiscint ar ortagrafaíocht na Gaeilge a fhorbairt (Barnes, 2021; de Brún, 2022; Dunne agus Hickey, 2017; Harris et al., 2006)

- 📖 Léigh Barnes (2021) [anseo](#).
- 📖 Léigh de Brún (2022) [anseo](#).
- 📖 Léigh Dunne agus Hickey (2017) [anseo](#).
- 📖 Léigh Harris et al. (2006) [anseo](#).

Chun aghaidh a thabhairt ar na gnéithe a moladh sa taighde idirnáisiúnta agus náisiúnta ar shealbhú scileanna léitheoireachta, go háirithe i measc foghlaimeoirí ilteangacha, chomh maith le moltaí atá déanta ó thaobh léitheoireacht na Gaeilge de, pléifear 6 ghné sa lámhleabhar. Tacóidh na gnéithe seo a leanas leis an bpáiste cumas léitheoireachta a fhorbairt ar bhealach comhtháite:

- An Fheasacht Fhóineolaíoch agus Mo Chluasa Gaelacha
- An Fheasacht Fhóinéimeach agus Fóinéimí na Gaeilge
- Fónaic agus an Mo Chumas Ilteangach
- Foclóir agus Mo Chumas Ilteangach
- Seanchas, Scéalaíocht agus Líofacht Léitheoireachta
- Straitéisí Tuisceana, Forbairt Foclóra
- Fás agus Forbairt na Gaeilge





## 2. An Fheasacht Fhóineolaíoch agus Mo Chluasa Gaelacha

Is éard atá san Fheasacht Fhóineolaíoch ná íogaireacht d'fhuaimneanna focal. Laistigh den fheasacht fhóineolaíoch, tá an fheasacht fhóinéimeach (a phléifear sa chéad chuid eile) chomh maith le luathscileanna eile, mar shampla, feasacht ar shiollaí, agus feasacht ar fhoghar tosaigh agus deiridh.

Sna gníomhaíochtaí thíos, díritear aird ar an nGaeilge a bhíonn mórthimpeall ar an bpáiste chomh maith le gnéithe suimiúla den teanga. Tá sé mar aidhm ag na gníomhaíochtaí tacú le páistí le Mo Chluasa Gaelacha a Fhorbairt agus tuiscint a fhorbairt ar leaganacha éagsúla Gaeilge.

Pléifear na mionghnéithe seo a leanas:

- Tuiscint ar fhuaimneanna
- Focail aonair a aithint
- Siollaí a aithint
- Siollaí a chumasc
- Siollaí a dheighilt
- Túsfhoghar agus foghar deiridh



### Tuiscint ar Fhuaimneanna

Cabhraigh le páistí dul i dtraithí ar fhuaimneanna thart timpeall orthu, agus ar fhoghair (fuaimeanna daonna) trí éisteacht le scéalta / dánta / amhráin go rialta.

### Gníomhaíochtaí Molta

- Mol do na páistí éisteacht le fuaimeanna ina dtimpeallacht. *Dún do shúile. Cad iad na fuaimeanna a chloiseann tú sa seomra ranga? Téigh amach sa chlós agus dún do shúile. Cad iad na fuaimeanna a chloiseann tú?*



Éist le scéalta Gaeilge roimh iad a léamh agus ina dhiaidh:

- o [Leabhair an Ghúim](#)
- o [Scéalta Béaloidis](#)
- o [FabhalScéalta | Leigh Leat](#)

- 👁️ Breathnaigh ar dhuine ag léamh scéil ar Scéal an Lae ar TG4.
- 👂 Éist le scéalta Gaeilge i gcanúintí éagsúla ar shuíomh Séideán Sí sa chuid Áiseanna Breise Ranga.
  - Tabhair aird ar na fógraí Gaeilge poiblí a chloiseann tú ar an mbus, ar an traein, ar an Luas, ar an mbád agus ar an eitleán.
  - Le ranganna sinsearacha, pléigh na focail speisialta seo a leanas a dhéanann cur síos ar fhuaimneanna na haimsire: *clagarnach*, *seordán*, *seoithín*, *dordán*, *sioscadh*.
  - Díriú ar fhuaimneanna i scéalta nuair atá siad á léamh, mar shampla, na fuaimeanna a dhéanann ainmhithe. Tá cur síos orthu in *Sin iad na Rudaí* atá ar fáil sa Bhosca Leabharlainne.

### Léitheoireacht Mholta

Tá plé ar fhocail speisialta na Gaeilge, go háirithe focail a chuireann síos ar fhuaimneanna thart timpeall orainn, ar fáil sa leabhar *Dúchas na Gaeilge* le Maolmhaodhóg Ó Ruairc.

## Focail Aonair a Aithint

Ar dtús, cabhraigh le páistí focail aonair a aithint. Má éistean tú le Raidió na Gaeltachta nó le Raidió na Life, gach seans go mbeidh tú in ann na focail aonair a phiocadh amach. Má éistean tú le clár raidió i dteanga eile, áfach, b'fhéidir go mbeadh sé níos deacra na focail a phiocadh amach. Bíonn cleachtadh ag teastáil ó pháistí chun go mbeidh siad in ann focail aonair a aithint go háirithe má tá taithí acu ar a leithéid a rá go leanúnach, mar shampla:

Goraibh maith agat

Tabhair domé

Sna cásanna thuas, is baolach go gceapfaidh an páiste nach bhfuil ach dhá fhocal á rá agat.

Chomh fada agus a bhaineann sé leis an bhFeasacht Fhóineolaíoch agus an Fheasacht Fhóinéimeach i dteanga bhreise, is gá a chinntiú go bhfuil an foclóir cuí ag an bpáiste nuair atá focal nua, agus na fuaimeanna atá ann, á phlé agat. Ní féidir mar shampla, an cluiche *Feicim le mo shúilín* a imirt sa seomra ranga mura bhfuil tú cinnte go bhfuil ainmneacha earraí an tseomra ranga ar eolas ag an bpáiste.

## Gníomhaíochtaí Molta

- Éist le habairt Ghaeilge agus déan comhaireamh ar cé mhéad focal atá ann ar do mhéara. Is féidir leis an múinteoir múnú a dhéanamh air seo ar dtús.
- Éist leis an abairt agus cuir licín amach do gach focal. Is féidir leis an múinteoir múnú a dhéanamh air seo ar dtús.

## Siollaí a Aithint

Nuair atá páistí in ann focal aonair a phiocadh amach, cabhraigh leo focail a bhriseadh ina siollaí. Is fiú na gníomhaíochtaí thíos a dhéanamh ach fíorearraí nó pictiúir nó léirithe eile de na hearraí a úsáid ar dtús.

## Gníomhaíochtaí Molta

- Roghnaigh rudaí sa seomra ina bhfuil siolla amháin (bord, peann). Déan comhaireamh ar cé mhéad uair a thiteann do smig síos nuair atá sé á rá agat. Is féidir é seo a dhéanamh le puipéad freisin.
- Roghnaigh focail ina bhfuil dhá shiolla (mála, múinteoir, bord, balla, cathaoir). Déan comhaireamh ar cé mhéad uair a thiteann do smig síos nuair atá sé á rá agat. Is féidir é seo a dhéanamh le puipéad freisin.
- Abair an focal agus déan bualadh bos do gach siolla.
- Imir Cairde Cosúla. Tá na rudaí seo a leanas agat: bróg, lón, léine, scriosán, scairf, agus geansaí. Tá dhá mhála agat le tabhairt leat ar scoil. Cuir na rudaí ina bhfuil siolla amháin i Mála 1. Cuir na rudaí ina bhfuil dhá shiolla i Mála 2.

Páistí níos sine

- Iarr ar na páistí bualadh bos a dhéanamh do na siollaí ar fad a chloiseann siad i rím, mar shampla *An bhfaca tú an Francach?*
- Scríobh amach ainmneacha rudaí atá sa seomra ranga, mar shampla, doras, fuinneog, mála, cathaoir. Faigh síosúr agus gearr an focal ina shiollaí. (Tá sé níos éasca an chéad siolla a chríochnú ar chonsan, mar shampla, dor + as, fuinn + eog).
- Tá tuilleadh eolais maidir leis an difríocht idir siollaí na Gaeilge agus siollaí an Bhéarla ar fáil ar lch 39 i [Tuiscint ar Litriú na Gaeilge](#).



## Cumasc Siollaí

Iarr ar na páistí éisteacht leat agus gach siolla san fhocal á rá agat go mall. Ansin iarr orthu an focal a chur le chéile.




## Gníomhaíochtaí Molta

Abair na siollaí éagsúla go mall ach mar fhuaim leanúnach seachas stopadh tar éis gach siolla.

- Ríomh-air-e
- Teil-i-fís
- Bró-ga

Teil-i-fís



Féach ar de Brún (2009) lgh. 44-55 chun teacht ar shamplaí d'fhocail aonsiollacha, dhéshiollacha agus thríshiollacha mar aon le gníomhaíochtaí is féidir a dhéanamh bunaithe orthu.

## Deighilt Siollaí

Nuair is féidir le páistí a aithint cé mhéad siolla atá i bhfocal is féidir le páistí na siollaí i bhfocail a dheighilt óna chéile.

## Gníomhaíochtaí Molta

- Díriú ar earraí sa seomra ranga arís. Abair na siollaí éagsúla atá sna focail seo a leanas:  
Bróga, mála, ríomhaire
- Déan bualadh bos do gach siolla.

## Siollaí a Dheighilt

Is deacra an scil í a bheith in ann siollaí a bhaint.

## Gníomhaíochtaí Molta

- Téigh siar ar na focail a bhí á bplé sa ghníomhaíocht thuas mar rang.
  - Déarfadh an múinteoir: Abair ‘bróga’ gan ‘bró’. Abair ‘ríomhaire’ gan ‘ríomh’.
  - Is féidir an scil seo a chleachtadh le hábhair choincréiteacha freisin. Úsáideann an páiste licín leis an líon siollaí i bhfocal a chur in iúl. Taispeánann an páiste go seasann licín amháin (e.g. licín gorm) don chéad siolla (bró), agus an licín eile (licín dearg) don dara siolla (ga).
  - Ansin, cuirtear licín amháin (an licín dearg) i bhfolach. Is féidir a rá gur ith madra ocrach é nó go bhfuil sé faoi hata draíochta. Iarrtar ar an bpáiste a rá cad atá fágtha.
- 🖱 Tá gníomhaíochtaí breátha eile ar fáil ar shuíomh PDST / Oide maidir le siollaí a iniúchadh. Clliceáil [anseo](#).

## Túsfhoghar agus Foghar Deiridh

Bain taitneamh as an bhflúirse dánta, rann, lúibíní, amhrán, agus scéalta véarsaíochta atá sa Ghaeilge chun aird a dhíriú ar rím ag deireadh an fhocail.

- 🖱 Clliceáil ar an nasc seo le teacht ar rogha dánta: [Padlet COGG](#).

## Gníomhaíochtaí Molta

- Éist le dán agus déan bualadh bos aon uair a chloiseann tú an rím ‘í’.
- Cuir focal eile ag deireadh an dáin / athraigh an líne dheireanach. Bain úsáid as Clann na Fuaime. Féach ar an ngníomhaíocht Críochnaigh an Abairt thíos.
- Taispeáin pictiúir de na rudaí ar fad. Roghnaigh rud ón liosta agus déan cur síos air, mar shampla, tosaíonn sé le rrr agus déanann sé rím le bís. Céard é?
- Is féidir biongó bunaithe ar an bhfoghar deiridh a imirt. Glaonn an múinteoir amach foghar deiridh - é - agus is féidir leis na páistí licín a chur ar gach focal ina bhfuil an deireadh sin (ré, gé, mé).



Féach ar An Fheasacht Fhóineolaíoch le de Brún (2009, lgh, 57-72) chun teacht ar rainn úsáideacha, ar fhocail shamplacha, agus ar chluichí.

Baineann na gníomhaíochtaí thíos le focail a bhriseadh suas agus díriú ar an túsfoghar (bbb) agus an foghar deiridh (ád) = bád.

Tá sé níos éasca tosú le focail ina bhfuil siolla amháin ar dtús (focail GC nó guta-consan / focail CGC nó consan-guta-consan) mar shampla, am, úll, bus, cat, muc, gob, le, fir, lár, túr, rón, gé, rís. Féach ar an treoir ar shuíomh na CNCM.

- ↓ Tá treoir maidir le foghar tosaigh agus foghar deiridh ar fáil ó shuíomh PDST / Oide [anseo](#).
- ↓ Íoslódáil Ábhar Tacaíochta Fónaice [anseo](#).
- ↓ Tá treoir phraiticiúil maidir leis an bhfeasacht fhóineolaíoch agus Curaclam Teanga na Bunscoile ar fáil ar shuíomh PDST / Oide [anseo](#).

## Gnéithe Suimiúla Speisialta faoin nGaeilge

Tá go leor cosúlachtaí idir an Ghaeilge agus an Béarla agus cabhróidh na cosúlachtaí seo le páistí scileanna litearthachta a aistriú ó theanga amháin go teanga eile. Is gá, áfach, aird a thabhairt ar na gnéithe suimiúla speisialta faoin nGaeilge.

Cad a thugann tú faoi deara faoi fhuaim na gconsan sna samplaí seo a leanas?

Sa Tar Doras  
Siopa Teach Deoch

\*Tá sé seo cosúil le 'c' agus 'g' sa Bhéarla.

Cad a thugann tú faoi deara faoi fhuaim na gconsan sna samplaí seo a leanas?

Cat Ceiling Gate Gist

Is minice a bhíonn an difríocht ann idir an consan leathan agus an consan caol sa Ghaeilge.

## An Guta sa Ghaeilge

Tá dhá ról ag an nguta sa Ghaeilge.

- 1: Léiríonn sé an fhóinéim ghuta sa siolla (mar shampla, muc), cosúil leis an mBéarla.
- 2: Tugann sé eolas dúinn faoi cháilíocht an chonsain. Bíonn fuaim dhifriúil ann nuair a bhíonn guta leathan in aice le consan (doras) nó guta caol in aice le consan (deoch).

a, á, e, é, i, í, o, ó, u, ú

## Trédhearcacht na Gaeilge?

Má cheannaíonn tú riteoga feicfidh tú go bhfuil cinn áirithe trédheacach (transparent) agus cinn eile teimhneach (opaque).

Ciallaíonn trédhearcacht sa teanga go bhfuil baint an-soiléir idir an ghraiféim agus an fhóinéim (an litir agus an fhuaim).

Tá an Fhionlainnis trédhearcach, leanúnach agus simplí.

Tá an Béarla teimhneach, coimpléascach agus míleanúnach.

Ag leibhéal na bhfóinéimí (an nasc idir an ghraiféim agus an fhóinéim), tá an Ghaeilge níos trédhearcthaí ná an Béarla.

## Moirfeolaíocht na Gaeilge

Ach tá moirfeolaíocht níos saibhre ag baint leis an nGaeilge.

Tarlaíonn athruithe ag deireadh an fhocail sa Bhéarla den chuid is mó (mar shampla, san uimhir iolra, box – box**es**).

Tarlaíonn athruithe ag tús an fhocail agus ag deireadh an fhocail sa Ghaeilge (mar shampla, bíonn séimhiú nó urú ag tús an fhocail – ar an mbord, sa bhosca - nó bíonn athrú ann ag an deireadh san uimhir iolra - bo**ird**). (Féach ar an gcuid Tuiscint ar Athruithe Tosaigh agus Deiridh).

Is gá aird a dhíriú ar ar na hathruithe seo ó bhéal trí bhéim a chur air nó guthanna éagsúla a úsáid.

Is gá na hathruithe seo a dhéanamh níos soiléire san ábhar scríofa trí chló trom nó dath éagsúil a úsáid.

## Tuiscint ar Athruithe Tosaigh agus Deiridh

Gné shuimiúil speisialta den Ghaeilge ná gur féidir athruithe a dhéanamh ar thús an fhocail. Cuirtear athruithe tosaigh i bhfeidhm sa Bhreatnais freisin.

Mar sin, caithfear súile géara a fhorbairt do na hathruithe a tharlaíonn ag tús agus ag deireadh an fhocail.

Is féidir le séimhiú nó urú a bheith ann ag tús an fhocail.

Féach ar bhrí an fhocail ‘séimh’ [anseo](#).

Athraíonn an séimhiú fuaim an fhocail. Minic go leor bíonn sé níos séimhe, mar shampla, Siúil -> **Sh**iúil.

Féach ar bhrí an fhocail ‘urú’ [anseo](#).

Cosúil le hurú a tharlaíonn sa spéir, in amanna tagann litir eile roimh an bhfocal sa Ghaeilge.


Tarlaíonn sé seo sa Bhreatnais freisin.

Má tá urú ag tús an fhocail sa Ghaeilge, athraíonn sé fuaim an fhocail, mar shampla, bord -> **m**bord.

Cloistear an fhuaim a bhaineann leis an urú (mmm).


Is féidir fós fréamh an fhocail a fheiceáil (bord), agus tugann sé sin cabhair don léitheoir brí an fhocail a thuiscint.

Tá difríochtaí idir roinnt canúintí maidir le séimhiú nó urú a úsáid sa Tuiseal Tabharthach, mar shampla, ar an **m**bord agus ar an **h**ord.





Caithfear súile géara a chothú agus tú ag léamh as Gaeilge mar bíonn athruithe ag tús an fhocail agus ag an deireadh.



Tarlaíonn athruithe ag tús an fhocail

- Tar éis ‘an’ nuair is ainmfhocal baininsneach é sa Tuiseal Ainmneach, mar shampla, an **h**uinneog.
- Tar éis aidiacht shealbhach, mar shampla, mo **p**heann.
- Tar éis bunuimhreacha, mar shampla, dhá **h**óta, ocht **m**bus.
- Tar éis foirm dhiúltach nó cheisteach den bhriathar, mar shampla, ní **h**éim (foirm dhiúltach) agus an **d**téann? (foirm cheisteach)
- I gcás briathra san Aimsir Chaite agus sa Mhodh Coinníollach, mar shampla, **C**hair, **C**hairfinn.
- Tar éis réamhfhocal sa Tuiseal Tabharharch, mar shampla, ar an **b**hord (canúint Uladh) agus ar an **m**bord (canúint Chonamara agus canúint na Mumhan).
- Cuirtear t agus fleiscín faoin ainmfhocal firinsneach a thosaíonn ar ghuta (litir íochatar), mar shampla, an **t**-am.
- Cuirtear t roimh ainmfhocal baininsneach a thosaíonn ar ‘s’ sa Tuiseal Ainmneach, mar shampla, an **t**srón.
- Tar éis ‘an’ sa Tuiseal Ginideach, i lár an **t**siopa.

Tarlaíonn athruithe ag deireadh an fhocail

- San uimhir iolra, mar shampla, bord -> bo**ir**d, siopa -> siopa**í**. Tá an ghné seo níos casta sa Ghaeilge agus tógann sé níos mó ama ar pháistí é a shealbhú. (Féach Muller, Muckley, agus Antonijevic-Elliott, 2019).
- I leaganacha éagsúla den bhriathar, mar shampla, cuir **fidh** nó cuir **fimid**.
- Sa Tuiseal Ginideach, mar shampla, mála scoile**e**.


## Gníomhaíochtaí Molta d'Athruithe Tosaigh a Aithint

- Bain sult as na cluichí inscne in *Bain Súp As!*
- Imir an cluiche Lean Mé chun cleachtadh a fháil ar na bunuimhreacha a rá go cruinn leis na hainmfhocail. Faigheann gach páiste cárta, mar shampla, Tá trí **b**hord agam. An bhfuil sé **ch**óta agat? Beidh cárta ag duine eile sa rang leis an méid seo a leanas: Tá sé **ch**óta agam. An bhfuil ceithre **b**huidéal agat? Leanfaidh an cluiche ar aghaidh mar sin.
- Bain sult as an aidiacht shealbhach a chleachtadh sa chluiche An bhfaca tú mo Shéamuisín? ón Áisaonad.
- Bain sult as an bhfoirm dhearfach, dhiúltach agus cheisteach den bhriathar a chleachtadh trí na cluichí briathra SNAP a imirt. Scríobh an fhoirm dhearfach agus dhiúltach de bhriathra ar cártaí, mar shampla, 'Téim' agus 'Ní théim'. Cuir na cártaí síos leis an gceann faoi.
- Bain sult as na cluichí briathra i *Sceitimíní* chun dul siar ar an Aimsir Chaite agus an Modh Coinníollach.
- Bain sult as an Tuiseal Tabharthach a chleachtadh trí thoraíocht taisce a imirt ina mbíonn ar na páistí leideanna a léamh go cruinn chun teacht ar an gcéad leid eile, mar shampla, Téigh chuig an mbord. Ansin, féach faoin **m**bord. Tar éis sin, siúil go dtí lár an **t**seomra.



## Gníomhaíochtaí Molta d'Athruithe Deiridh a Aithint

- Scríobh an fhoirm uathu agus iolra d'ainmfhocal ar cártaí, mar shampla, 'siopa' agus 'siopaí'. Cuir na cártaí síos leis an gceann faoi. Piocann na páistí suas cárta agus léann go cruinn é. Má fhaigheann siad an fhoirm dhearfach den bhriathar, tá siad ag iarraidh teacht ar an bhfoirm dhiúltach de chun SNAP a rá. Piocann na páistí suas cárta agus léann go cruinn é.
- Is féidir leagan eile den chluiche a imirt. Má fhaigheann siad an fhoirm uatha d'ainmfhocal, tá siad ag iarraidh teacht ar an bhfoirm iolra de chun SNAP a rá.
- Scríobh an chéad phearsa uathu agus an chéad phearsa iolra de bhriathar ar cártaí, mar shampla, 'cuirim' agus 'cuirimid'. Cuir na cártaí síos leis an gceann faoi. Piocann na páistí suas cárta agus léann go cruinn é. Má fhaigheann siad an chéad phearsa uatha de bhriathar, tá siad ag iarraidh teacht ar an gcéad phearsa iolra de chun SNAP a rá.
- Téigh ar siúlóid timpeall na scoile agus tóg grianghraf de shamplaí den Tuiseal Ginideach sna fógraí.
- Bain úsáid as na gníomhaíochtaí in *Bain Súp As!* chun an patrún a aithint agus chun teacht suas le samplaí eile den Tuiseal Ginideach.



# Fuaimeanna na Gaeilge agus an Litriú

Tá catagóirí fuaimeanna ar leith sa Ghaeilge atá éagsúil leis an mBéarla. Tá ról lárnach ag na catagóirí seo sa teanga scríofa. Cabhraíonn na pointí thíos leat focail Ghaeilge a léamh agus a litriú.

## 1. Consain Leathana agus Consain Chaola

Tá dhá chineál consan ann sa Ghaeilge - Consain Leathana agus Consain Chaola.

Bíonn na gutaí a, á, o, ó, u agus ú in aice le consain leathana sa teanga scríofa, mar shampla, sna focail **d**á, **t**á, **s**ásta.

Bíonn na gutaí i, í, e agus é in aice le consain chaola sa teanga scríofa, mar shampla, sna focail **d**eoch, **t**eas.

## 2. Gutaí Fada agus Gairide

Bíonn síneadh fada ar ghutaí in amanna chun an fhuaim shínithe a chur in iúl, mar shampla, **ú**ll nó **á**lainn.

Is féidir aird a tharraingt ar an difríocht idir na gutaí gairide agus na gutaí fada trí íosphéirí a úsáid.

Abair *lon* agus *lón*

Abair *te* agus *té*

Abair *briste* agus *bríste*

Abair *bean* agus *bán*

Abair *siúl* agus *súil*

Is féidir an aip *Lón don Leon* a íoslódáil chun na híosphéirí a chleachtadh.

## 3. Na Consain Shéimhithe

Séimhítear an consan i gcásanna áirithe, mar shampla,

Tar eis aidiacht shealbhach, mar shampla, mo **ch**óta.

Tar eis réamhfhocail, mar shampla, ar **bh**ord.

Tar eis an na foirme diúltaí den bhriathar, mar shampla, ní **bh**íonn.

# 3. An Fheasacht Fhóinéimeach agus Fóinéimí na Gaeilge

Tá sé mar aidhm ag an bhFeasacht Fhóinéimeach tuiscint a fhorbairt ar an aonad is lú fuaime. Táthar ag súil leis go mbeidh páistí in ann fóinéimí a chumasc, a dheighilt agus a scriosadh go muiníneach. Tá na scileanna seo mar bhunchloch don luathléitheoireacht agus don litriú.

Tá roinnt de na fóinéimí céanna sa Bhéarla agus sa Ghaeilge agus is féidir leis an bpáiste tógáil ar an eolas atá sealbhaithe acu i gceachtar den dá theanga nuair a thagann siad ar fhocal leis na fóinéimí sin sa teanga eile.

É sin ráite, tá fóinéimí ann sa Ghaeilge nach bhfuil sa Bhéarla. In amanna bíonn na fóinéimí beagán éagsúil sa Bhéarla agus sa Ghaeilge cé go mbíonn an litir chéanna i gceist, mar shampla, ‘d’.


Sna gníomhaíochtaí thíos, má luann an páiste focal i dteanga eile a thosaíonn leis an bhfóinéim chéanna, mar shampla, candle do ccc, tabhair aitheantas dó agus luaigh gur focal Béarla é.

Féachfar ar na mionghnéithe seo a leanas:

- Ag Dul i dTaithí ar Fhóinéimí na Gaeilge
- Fóinéimí ag Tús an Fhocail
- Fóinéimí ag Deireadh an Fhocail
- Fóinéimí i Lár an Fhocail
- Fuaimeanna Speisialta na Gaeilge
- Fuaimeanna Fada agus Fuaimeanna Gairide
- Cumasc Fóinéimí
- Fóinéimí a Scriosadh


## Ag Dul i dTaithí ar Fhóinéimí na Gaeilge


Tá tacaíochtaí ann do mhúinteoirí le go mbeidh siad muiníneach maidir le fóinéimí na Gaeilge a iniúchadh agus a úsáid. Glactar leis go bhfuil idir 36-41 fóinéim ann sa Ghaeilge ach tá fóinéimí breise (suas go dtí 80) sa Ghaeilge thraidisiúnta agus i gcanúintí éagsúla.

 Léigh faoi na fóinéimí atá ann sa Ghaeilge ar lgh. 4 agus 5 [anseo](#).

 Éist leis na gutaí agus na consain Ghaeilge sna trí mhórchanúint anseo:

Léigh Leat

 Éist le fuaimeanna na Gaeilge ar an suíomh Fuaimeanna na Gaeilge

 Breathnaigh ar na físeáin foghraíochta a ghabhann leis an gclár *Mar a Déarfá* sna canúintí éagsúla thíos. Taispeánann na físeáin suíomh an bhéil freisin:

[Canúint Uladh](#)

[Canúint na Mumhan](#)

[Canúint Chonnacht](#)

Tar éis duit breathnú ar na físeáin, is fiú breathnú ort féin sa scáthán agus tú i mbun na bhfuaimeanna.




## Fóinéimí ag Tús an Fhocail

Dírigh ar na fóinéimí atá san fhocal. Is fiú tosú le fóinéimí ag tús an fhocail ar dtús. Tá sé níos éasca samplaí d'fhocail CGC (consan-guta-consan) a úsáid ar dtús, mar shampla, bus, cat, muc, gob, le, fir, lár, túr, rón, gé, rís.


Tá moltaí maidir le hord na bhfóinéimí a mhúineadh ar fáil sa chlár *Mar a Déarfá*. Tugtar an CÓRLÁN ar an gcóras.

Léigh faoin CÓRLÁN [anseo](#).

 Íoslódáil liosta focal úsáideach san Ábhar Tacaíochta [anseo](#).

## Gníomhaíochtaí Molta

Baineann na gníomhaíochtaí seo le múineadh na fónaice ar bhonn anailíseach. Tá sé mar aidhm ag na gníomhaíochtaí seo go mbeidh an páiste in ann cur lena bhfoclóir le linn dóibh an fhónaic a iniúchadh.



- Tabhair an fhuaim i gcomhthéacs focail ar dtús.
  - Taispeáin cúpla rud ar thráidire do na páistí agus ainmnigh iad le chéile.
  - Tosaigh amach le focail a thosaíonn leis an bhfóinéim chéanna (mála, muc, múinteoir, masc).
  - Abair an focal go han-mhall le fuaimeanna leanúnacha. (Mmmm-uuuuu-cccc seachas Muh uh cuh).
  - Ainmnigh gach rud arís ar an tráidire.
  - Cuir do lámha ar do cheann nuair a chloiseann tú focal a thosaíonn le mmm.
  - Imir *Feicim le mo Shúilín* bunaithe ar na rudaí ar an tráidire. Feicim le mo shúilín rud a thosaíonn le mmm agus cuireann tú ar d'aghaidh é.
  - Ansin, pioc suas cúpla earra nó pictiúr eile (milseán, deoch, Mamaí). An gcuirfimid na rudaí seo ar an tráidire? An dtosaíonn siad le mmm?
- 🕒 Féach ar An Fheasacht Fhóineolaíoch (de Brún, 2009, lgh. 24-25) chun samplaí de rudaí don chluiche a fháil.

Tá gníomhaíochtaí eile maidir le fóinéimí ag tús an fhocail ar fáil i *Cód na Gaeilge*.

⬇️ Íoslódáil *Cód na Gaeilge* [anseo](#).

## Gníomhaíochtaí Eile sa Seomra Ranga

- Téigh chuig rud sa seomra a thosaíonn le fff.
- Seas suas má thosaíonn d'ainm le ccc.
- Téigh chuig an líne má thosaíonn d'ainm le rrr.

Tá póstaeir chabhracha ar fáil san áis Fios Fuaimeanna. Tá béim ar rudaí a thosaíonn le litreacha sna póstaeir ach is fiú aird an pháiste a dhíriú ar na rudaí a thosaíonn le fuaimeanna éagsúla a aimsiú, mar shampla d leathan (**do**chtúir, **do**ras) agus d caol (**de**och, **dí**on).

Is féidir úsáid a bhaint as earraí an tseomra ranga nó as rabhlóga chun díriú isteach ar na consain leathana agus chaola.

Má luann an páiste focal i dteanga eile a thosaíonn leis an bhfóinéim sin, mar shampla, candle do ccc, tabhair aitheantas dó agus luaigh gur focal Béarla nó focal i dteanga eile é.

↓ Íoslódáil póstaer Fios Fuaimeanna [anseo](#).

Tabhair faoi deara gur féidir le hathruithe tosaigh a bheith ann i bhfocail Ghaeilge. Tá níos mó eolais faoi na hathruithe sin ar fáil in *Tuiscint ar Litriú na Gaeilge* ar lgh. 43-45.

↓ Íoslódáil an leabhar anseo: [Tuiscint ar Litriú na Gaeilge](#).

📖 Léigh An Fheasacht Fhóineolaíoch (de Brún, 2009) chun teacht ar ghníomhaíochtaí eile chun túsfhoghair, foghair deiridh agus fóinéimí a aithint i bhfocail (Ceapaire Casta agus An Traein lgh. 6-7).

## Fóinéimí ag Deireadh an Fhocail

Is féidir na gníomhaíochtaí thuas a úsáid arís le díriú ar na fóinéimí ag deireadh an fhocail.

- Tabhair an fhuaim i gcomhthéacs focail ar dtús.
- Taispeáin cúpla rud ar thráidire do na páistí agus ainmnigh iad le chéile.
- Abair an focal go han-mhall le fuaimeanna leanúnacha. (Mmmm-uuuuu-cccc seachas Muh uh cuh).
- Cuir do lámha ar do cheann nuair a chloiseann tú focal a chríochnaíonn le ccc.
- Imir *Feicim le mo Shúilín* bunaithe ar rud éigin a chríochnaíonn ar ccc bunaithe ar na rudaí ar an tráidire
- Aimsigh gach rud a chríochnaíonn le mmm sa phóstaer Fios Fuaimeanna.
- Téigh chuig rud sa seomra a chríochnaíonn le fff.

### Leibhéal 2. Na Consain Leathana agus Na Consain Chaola

- Cuir cluasa níos géire ort fós sa chéad bhabhta eile!
- Roghnaigh rud éigin ar an tráidire a thosaíonn le ddd (leathan), mar shampla, **d**oras.
- Roghnaigh rud éigin ar an tráidire a thosaíonn le ddd (caol), mar shampla, **d**eoch.



↓ Íoslódáil póstaer Fios Fuaimeanna [anseo](#).

Bain triail as na gníomhaíochtaí seo a leanas: Cluiche an Tráidire, Meáitseáil agus Malartaigh agus An Ceann Céanna, An Cuairteoir Cailte in de Brún (2009) lgh. 25-29.

## Fóinéimí i Lár an Fhocail

Tá sé beagán níos deacra díriú ar na fóinéimí i lár an fhocail ach is féidir na gníomhaíochtaí a rinneadh chun na fóinéimí a aithint ag tús agus ag deireadh an fhocail a leasú beagán le díriú ar an bhfóinéim sa lár.

### Gníomhaíochtaí Molta

- Abair an focal go han-mhall le fuaimeanna leanúnacha. (Mmmm-uuuuu-cccc seachas Muh uh cuh).
- Cuir do lámha ar do cheann nuair a chloiseann tú uuu.
- Taispeáin pictiúr de na rudaí a bhí agat do chluichí níos luaithe mar shampla, bus, cat, muc, gob, le, fir, lár, túr, rón, gé, rís. Tabhair an bia ceart don ollphéist. Itheann sé focail ina bhfuil an fhóinéim - a nó itheann sé bia ina bhfuil an fhóinéim - á.
- Bain úsáid as na póstaer atá sa tsraith Séideán Sí chun défhoghair a chleachtadh (mar shampla, ia).

Bain triail as na gníomhaíochtaí seo a leanas: Cluiche an Tráidire, Meáitseáil agus Malartaigh agus An Ceann Céanna in de Brún (2009) lgh. 25-27.

👁️ Breathnaigh ar an bhfíseán seo maidir le fóineolaíocht na Gaeilge [anseo](#).

## Fuaimeanna Speisialta na Gaeilge

Déan cinnte go leagann tú béim ar fhuaimeanna atá sa Ghaeilge nach bhfuil ann sa Bhéarla mar tá seans ann nach bhfuil siad cloiste ag roinnt páistí cheana féin.

Is fiú béim a leagan ar na fuaimeanna seo a leanas sa Ghaeilge:

- Na consain leathana
- Na consain chaola
- /x/ **Ach**

Bain triail as na focail seo a leanas:

- **Beola**
- **Deoch**
- **Leon**
- **Meancóg**
- **Riteoga**
- **Teach**
- **Ach**

Bain úsáid as rabhlóga chun na consain chaola a aithint agus a chleachtadh, mar shampla, *Seacht sicín ina seasamh sa sneachta lá seaca*.

### Gníomhaíochtaí Molta

- Cum rabhlóg leis an rang. Bain úsáid as ainm duine éigin mar thúsphointe agus roghnaigh briathar a thosaíonn leis an litir chéanna (Aimsir Láithreach nó Aimsir Fháisteanach ar dtús). *Canann Ciara go cumasach*.
- Cum rabhlóg eile ina bhfuil focail shéimhithe (Aimsir Chaite). *Chan mo chara amhráin chasta go cumasach sa chaife*.
- Imir Lón, Lón, Leon chun an difríocht idir ‘Ló’ agus ‘Le’ a iniúchadh. Bain úsáid as an gcur chuige ilchéadfach a bhí in úsáid níos luaithe. An ndéanann do theanga nó do bheola aon rud difriúil nuair atá an focal **lampa** (le guta leathan) agus **leon** (le guta caol) á rá agat?
- Déan cleachtadh ar rabhlóg leis an rang ina bhfuil consain leathana agus consain chaola, mar shampla, *Bíonn balla beag bocht buailte leis an mbóthar*.
- Ansin iarr ar na páistí lámha a chur ar a gceann aon uair a chloiseann siad bbb (leathan).
- Déan arís é agus iarr ar na páistí lámha a chur ar a gceann aon uair a chloiseann siad bbb (caol).

↓ Íoslódáil cnuasach de rabhlóga [anseo](#).

🎯 Breathnaigh ar na físeáin foghraíochta a ghabhann leis an gclár *Mar a Déarfá* chun dul siar ar na fóinéimí sna canúintí éagsúla thíos. Taispeánann na físeáin suíomh an bhéil freisin:

[Canúint Uladh](#)

[Canúint na Mumhan](#)

[Canúint Chonnacht](#)

## Fuaimeanna Fada agus Fuaimeanna Gairide

Déan cleachtadh ar fhuaimeanna fada agus gairide sula bhfeiceann páistí an síneadh fada scríofa. Tá sé níos éasca tosú le focail nó guta-consan nó consan-guta-consan, mar shampla, im, cón, rís.

### Gníomhaíochtaí Molta

- Is féidir an focal a rá gan síneadh fada ar an nguta agus ansin le síneadh fada ar an nguta.
- Tabhair aird ar do bheola nuair a deir tú na fuaimeanna fada agus gairide.
- Can amhráin ón gcnuasach *Na Gutaí Fada*.

🎧 Féach ar na gníomhaíochtaí in An Fheasacht Fhóineolaíoch (de Brún, 2009, lgh. 75-78).

## Fóinéimí a Chumasc

Is féidir feasacht a fhorbairt ar na fóinéimí aonair chomh maith le deiseanna a thabhairt chun iad a chumasc, mar shampla, ccc-óóó-nnn = cón. Tosaigh le cinn rialta ar dtús mar atá sna gníomhaíochtaí thíos. Cabhraíonn an scil seo go mór le páistí nuair atá siad ag ag tabhairt faoin léamh i dtosach.

### Gníomhaíochtaí Molta

- Ag an tús, is féidir leis an múinteoir fóinéimí an fhocail a rá cccc-óóó-nnn. Caithfidh na páistí a thomhas cén focal atá ann.
- Is féidir úsáid a bhaint as puipéad chuige seo. Déarfaidh an puipéad na fóinéimí, mar shampla, rrrr-ííí-sss. Caithfidh an rang a thomhas cén focal atá ann.
- Tá fuaimeanna leanúnacha níos éasca do pháistí, mar shampla, mmmm seachas b- b- b-.
- Abair na fóinéimí go mall ach go leanúnach agus beidh sé níos éasca ar an bpáiste iad a chumasc
- Nuair atá go leor cleachtaidh ó bhéal déanta air seo, bain úsáid as na cluichí idirghníomhacha in *Cód na Gaeilge: Litrigh an Focal agus Pléasc na Balúin*.

🎧 Breathnaigh ar *Cód na Gaeilge* [anseo](#).

🎧 Éist le scéalta in-díchódaithe agus léigh iad *Cogar Mogar agus Scéalta Eile* [anseo](#).

## Fóinéimí a Scriosadh

Nuair atá feasacht mhaith ag páistí ar fhóinéimí aonair agus ar ar a leithéid a mheascadh, is féidir tosú leis na fóinéimí a scriosadh. Má tá an páiste in ann fóinéimí a scriosadh agus a athrú, cabhróidh sé go mór leo leis an litriú.

### Gníomhaíochtaí Molta

- Roghnaigh rud amháin a bhí ar an tráidire. Abair an focal gan an chéad fhóinéim (Muc -> uc; Bus -> us)
  - Imir Bleachtairí Focal. Tá focal beag i bhfolach san fhocal seo! Caithfear an chéad fhuaim a bhaint lena aimsiú e.g. Crann-rann; srón-rón.
- 🎯 Féach ar an bhfíseán [Fóineolaíocht agus Litearthacht](#) chun teacht ar chluichí eile.
- \*\*Níos deacra. An féidir an chéad fhóinéim i d'ainm a mhalartú leis an gcéad fhóinéim san fhocal eile? (Muc + Bus -> Buc agus Mus).




# 4. Fónaic na Gaeilge agus Mo Chumas Ilteangach

Is éard atá i gceist le Fónaic ná tuiscint idir an litir scríofa (graiféim) agus an fhuaim (fóinéim). Tá an-bhaint idir Fónaic agus Feasacht Fhóineolaíoch. Cabhraíonn an fhoghlaim i réimse amháin leis an réimse eile.

Bíonn traschur de roinnt scileanna fónaice ón nGaeilge go Béarla, agus sa treo eile. Má tá teanga eile ag an bpáiste sa bhaile, nó má bhíonn teagmháil acu le ceann de na 200 teanga atá á labhairt á n-úsáid in Éirinn, is maith an seans go mbeidh cleachtadh acu ar ghraiféimí eile chun fóinéim a chur in iúl.


Uaireanta bíonn an ghraiféim chéanna in úsáid sa Ghaeilge agus i dteanga eile, mar shampla, sna focail thíos atá sa Ghaeilge agus sa Ghearmáinis.

Isteach 

Achtung 



In amanna eile, cé go bhfuil an fhóinéim mar an gcéanna, tá graiféim dhifriúil in úsáid mar atá sa sna focail thíos atá sa Ghaeilge agus sa Spáinnis.

N'fheadar 

Niño 

Caithfidh páistí na fuaimeanna seo a thabhairt faoi deara ar dtús agus a bheith compordach á rá ó bhéal (Antonijevic, Durham, agus Ní Chonghaile, 2017).

Tá treoir mhaith maidir le haistriú scileanna ó Ghaeilge go Béarla agus ó Bhéarla go Gaeilge ar fáil [anseo](#).

Díreofar ar na mionghnéithe seo a leanas:

- Fónaic na Gaeilge agus Curaclam Teanga na Bunscoile
- Múineadh na Fónaice Béarla agus Múineadh na Fónaice Gaeilge
- Treoir maidir le Múineadh na Fónaice
- Focail Ardmhnicíochta na Gaeilge
- Focail 'Shuimiúla' na Gaeilge

# Fónaic na Gaeilge agus Curaclam Teanga na Bunscoile

Tá béim ar fhónaic na Gaeilge a mhúineadh go follasach i gCuraclam Teanga na Bunscoile (2019).

	Teanga ó Bhéal	Léitheoireacht	Scribhneoireacht
<b>Cumarsáid</b>	Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird	Rannpháirtíocht	Rannpháirtíocht
	Inspreagadh agus rogha	Inspreagadh agus rogha	Inspreagadh agus rogha
	Gnásanna sóisialta agus feasacht ar dhaoine eil		
<b>Tuiscint</b>	Struchtúr abairte agus gramadach	Gnásanna cló agus struchtúr abairte	Struchtúr abairte agus gnásanna cló
	Stór focal	Stór focal	Stór focal
	Léiriú tuisceana	Fónaic, aithint focal agus staidéar ar fhocail	Litríú agus staidéar ar fhocail
		Feasacht fhóineolaíoch agus fhóinéimeach	
<b>Fiosrú agus úsáid</b>	Iarratais, ceisteanna agus idirghníomhuithe	Cuspóir, seánra agus guth	Cuspóir, seánra agus guth
	Catagóiriú	Tuiscint	Próiseas na scríbhneoireachta agus ag cruthú téacs
	Catagóiriú	Freagairt agus intinn an údair	Freagairt agus intinn an údair
	Teanga a úsáid go spráúil agus go cruthaitheach	Líofacht agus féincheartú	Peannaireacht agus cur i láthair
	Eolas, míniú agus údar a thabhairt		
	Cur síos, tuar agus machnamh		

# Múineadh na Fónaice Béarla agus Múineadh na Fónaice Gaeilge

Tarlaíonn roinnt traschur scileanna litearthachta ón mBéarla go Gaeilge agus ón nGaeilge go Béarla.

Mar chuid den churaclam comhtháite teanga, beidh an múinteoir in ann béim a leagan ar thraschur scileanna áirithe idir fónaic an Bhéarla agus fónaic na Gaeilge, mar shampla, na fóinéimí agus na graiféimí céanna atá sa Bhéarla agus sa Ghaeilge.

## Fónaic sa Ghaeilge agus sa Bhéarla: Cosúlachtaí agus Difríoachtaí

Bíonn plé i gcónaí ann maidir le líon na bhfóinéimí sa Bhéarla agus sa Ghaeilge.

Meastar go bhfuil thart ar 44 fhóinéim sa Bhéarla agus 26 litir san aibítir.

(Chun teacht ar thuairim mhalartach, féach Shanahan, 2018).

Tá 39-41 fhóinéim sa Ghaeilge ag brath ar an gcanúint. Tá níos mó fóinéimí sa chaint thraidisiúnta agus i gcanúintí éagsúla.

(Chun teacht ar thuairim mhalartach maidir le líon níos mó fóinéimí, féach Lawlor, 2024. Is gá clárú chun breathnú ar *Léigí Amach É!* Ar shuíomh [COGG](#)).

I gcas cainteoirí dúchais go háirithe, caithfear smaoineamh ar na fóinéimí atá sa chanúint acu. Tá dhá [ó] i gcanúint Uladh, mar shampla.


Baintear úsáid as 26 litir na haibítire ach tá 5 ghuta fhada ann chomh maith. Tá roinnt litreacha nach raibh in úsáid go traidisiúnta sa Ghaeilge, mar shampla, j, k, q, v, w, x, y, z.

Má thosaítear ar fhónaic sa Bhéarla beidh gá le díriú ar ghutaí Gaeilge, go háirithe gutaí fada, agus ar fhuaimeanna speisialta na Gaeilge (e.g. na consain chaola agus /x/ ach).

Má thosaítear ar mhúineadh na fonaice sa Ghaeilge ar dtús beidh gá le díriú ar na litreacha nach bhfuil sa Ghaeilge nó nach bhfuil chomh coitianta sin sa Ghaeilge, mar shampla, j, k, q, v, w, x, y, z.

# Múineadh na Fónaice

I gcás mhúineadh na fónaice, díritear ar na fuaimeanna is coitianta sa teanga: mar shampla. SATPIN sa Bhéarla. Léiríonn an íomhá thíos an t-ord samplach ina múintear fónaic sa Bhéarla.



O'Sullivan, J. & Fiorentini, C.M. (2022, August 25). *The Science of Reading: Phonics Instruction*. [Webinar]. [The Literacy Channel](#).

🖱️ Baintear úsáid as an CÓRLÁN go minic sa Ghaeilge. Tá míniú ar an CÓRLÁN [anseo](#).

Tá treoir an-soiléir maidir leis an ord ina múintear fónaic ar fáil in *Cód na Gaeilge*.

- Focail atá éasca a dhíchódú (litir amháin, fuaim amháin) (mar shampla, muc, bus)
- Focal níos casta a dhíchódú (2/3 litir, fuaim amháin) (mar shampla, poll, capll)
- Focal a bhfuil an fhuaim chéanna iontu, ach ní hionann an litriú (mar shampla, fada / mo phost)

👁️ Breathnaigh ar *Cód na Gaeilge* [anseo](#).

👁️ Breathnaigh ar *Mar a Déarfá* [anseo](#).



## Treoir maidir le Múineadh na Fónaice

Tá treoir thíos maidir le múineadh na fónaice. Tá sé curtha in oiriúint ó threoir atá déanta amach ag O’Sullivan agus Fiorentini (2021) ar The Literacy Channel.

Tá Scéilíní na bhFuaimeanna ar an suíomh *Mar a Déarfá* úsáideach chun teacht ar abairtí indíchódaithe.

# Lá 1



<b>1</b>	<b>An fhuaim nua</b> a. *Abair gach fuaim go soiléir agus go cruinn b. Déanann na páistí aithris air c. Breathnaigh ar agus éist leis na físeáin ar an suíomh <i>Mar a Déarfá</i>
<b>2</b>	<b>Aimsigh fíorearraí a thosaíonn nó a chríochnaíonn leis an bhfuaim</b> – *déan cinnte go bhfuil an foclóir ar eolas ag na páistí
<b>3</b>	<b>Cluichí chun fóinéimí a iniúchadh</b> a. Rabhlóga b. chí agus gníomhaíochtaí chun fóinéimí a iniúchadh c. Cluichí agus gníomhaíochtaí sa chlár Séideán Sí agus <i>Mar a Déarfá</i>
<b>4</b>	<b>Taispeáin an litir scríofa</b> – Cabhraíonn sé leis na páistí má tá neamónach acu chun an litir a scríobh.
<b>5</b>	<b>Iniúch an fhóinéim agus an ghraiféim i ngníomhaíochtaí roinnte Gaeilge</b> agus díriúch aird na bpáistí orthu le linn an lae.

(O’Sullivan & Fiorentini, *The Literacy Channel*, 2021)

# Lá 2



<b>1</b>	<b>Téigh siar ar an bhfóinéim agus ar an ngraiféim</b> a. *Abair gach fuaim go soiléir agus go cruinn b. Déanann na páistí aithris air c. Breathnaigh ar agus éist leis na físeáin ar an suíomh <i>Mar a Déarfá</i>
<b>2</b>	<b>Cumasc fóinéimí agus graiféimí</b> a. Bain úsáid as fóinéimí agus graiféimí a rinneadh cheana féin b. Abair an fhuaim go mall agus go leanúnach
<b>3</b>	<b>Deachtú focal: Deighilt fóinéimí agus graiféimí</b> a. Cé mhéad fuaim? b. Taispeáin an ghraiféim
<b>4</b>	<b>Iniúch an fhóinéim agus an ghraiféim i ngníomhaíochtaí roinnte Gaeilge agus díriú aird na bpáistí orthu le linn an lae.</b>

(O'Sullivan & Fiorentini, *The Literacy Channel*, 2021)

# Lá 3



1	<b>Téigh siar ar an bhfóinéim agus ar an ngraiféim</b>
2	<b>Iniúchadh fóinéimí agus graiféimí</b> a. Téigh siar ar fhóinéimí agus graiféimí a rinneadh cheana féin
3	<b>Focail Ardmhinicíochta</b> (más cuí)
4	<b>Léigh abairtí indíchódaithe</b> (breathnaigh ar leabhair bheaga Shéideán Sí agus ar ábhar léitheoireachta <i>Mar a Déarfá</i> )
5	<b>Iniúch an fhóinéim agus an ghraiféim i ngníomhaíochtaí roinnte Gaeilge</b> agus díriú aird na bpáistí orthu le linn an lae.

Clara Maria Fiorentini, Marino Institute of Education,  
[clara.fiorentini@mie.ie](mailto:clara.fiorentini@mie.ie)



Léigh Scéilíní na bhFuaimneanna [anseo](#).



Breathnaigh ar thuilleadh áiseanna litearthachta don Bhéarla ar The Literacy Channel.



Clicéail ar an gcainéal YouTube [anseo](#).

B'fhéidir go mbeadh taithí ag páistí ar theangacha eile. Má luann an páiste focal i dteanga eile, is féidir aitheantas a thabhairt dó agus é a bhreacadh síos ach b'fhiú é a scríobh i ndath eile.

## Gutaí Fada na Gaeilge

Is fiú dul siar a dhéanamh ar an ngníomhaíocht do na fuaimneanna fada agus gairide ar dtús. In amanna, bíonn fhuaim fhada seo ag tús focail i nGaeilge, mar shampla, **Á**ine, **ú**ll.

Is minice a bhíonn an fhuaim fhada i lár an fhocail sa Bhéarla, go háirithe i lár focail CVCe, mar shampla, **c**ake.

### Gníomhaíochtaí Molta

Is féidir focal ina bhfuil fuaim fhada a rá go mall agus iarraidh ar na páistí a lámha a chur amach chun an fhuaim fhada a rá.

- Scríobh an focal ar an gclár bán agus taispeáin an síneadh fada dóibh.  
*Cad is brí leis? An bhfuil síneadh fada in ainmneacha aon duine?*
- Déan cleachtadh ar na fuaimneanna a rá go mall chun an síneadh fada a léiriú.
- Ansin scríobh amach iad agus cuir an síneadh fada os cionn an ghuta fhada.

## Focail Ardmhinicíochta na Gaeilge

Cabhraíonn an Fheasacht Fhóineolaíoch agus Fónaic le go leor de na focail ardmhinicíochta seo a léamh. Ní gá iad a mhúineadh de ghlanmheabhair ar luascháartaí mar is féidir tacú le páistí an chuid rialta den fhocal a aimsiú, agus ansin plé a dhéanamh ar an gcuid neamhrialta.

Is féidir na cinn atá neamhrialta a mhúineadh le linn duit fónaic a mhúineadh. Leag béim ar na focail seo nuair atá fóinéimí agus fuaimeanna speisialta na Gaeilge á gcleachtadh.

Tá liosta de na focail ardmhinicíochta ar fáil in *Féasta Focal*.

↓ Íoslódáil focail ardmhinicíochta na Gaeilge [anseo](#).

### Gníomhaíochtaí Molta

- Bain sult as Snap nó Biongó a imirt bunaithe ar na focail ardmhinicíochta, cluichí *Cód na Gaeilge* [anseo](#).
- Cuir an bhéim ar an bhfocal a léamh amach gach uair agus an cluiche á imirt.

## Focail ‘Shuimiúla’

Is ionann ‘Focail Shuimiúla’ agus focail a léimid go rialta nach mbíonn éasca a dhíchódú i gcónaí. Tugtar ‘Focail Mhístuama’ agus ‘Focail Ardmhinicíochta’ ar na ‘Focail Shuimiúla’ chomh maith.

Cabhraíonn an bunús láidir Feasacht Fhóineolaíoch / Fónaice le go leor de na Focail Shuimiúla a léamh mar nach mbíonn siad neamhrialta ach i gcuid amháin den fhocal de ghnáth. Tá straitéis eile ag teastáil do roinnt focal atá mírialta amach is amach.


Tá liosta focal atá mírialta nó ‘Focail Mhístuama’ ar fáil ar an suíomh *Mar a Déarfá*.

↓ Íoslódáil na Focail Shuimiúla [anseo](#).

# 5. Foclóir agus Mo Chumas Iteangach

Chomh fada agus a bhaineann sé le foclóir a mhúineadh i dteanga bhreise, tá gá leis an gcoincheap a chur in iúl ar bhealaí éagsúla, mar shampla, fíorearra, pictiúr, grianghraf, agus geáitsí.

Tá go leor smaointe ar fáil in *An Ghaeilge do Gach Duine* maidir le foclóir nua a chur in iúl ar bhealaí éagsúla.



## Comhchiallaigh sa Ghaeilge agus sa Bhéarla

- Tá comhchiallaigh ann d'aidiachtaí sa Bhéarla (e.g. big agus tall) agus do roinnt ainmfhocal, go háirithe rudaí atá cosúil le chéile (mar shampla, table agus desk).
- Tá comhchiallaigh ann d'aidiachtaí **agus d'ainmfhocail** sa Ghaeilge. Is féidir le dhá théarma éagsúla a bheith ag cur síos ar an rud / coincheap ceannann céanna. Baineann sé seo leis na canúintí éagsúla ach bhí sé le feiceáil sa Ghaeilge Chlasaiceach (Doyle, 2015). Tarlaíonn sé freisin nuair a thagann dhá théarma nua ar an bhfód i bpobail éagsúla Ghaeilge (mar shampla, féinphic agus féinín).

Seans mar sin go dtiocfaidh páistí ar leaganacha éagsúla den choincheap céanna i leabhair agus i dtéacsleabhair, mar shampla, falla agus balla.

Falla = Balla

## Dul Siar ar Aidiachtaí agus Briathra sa Ghaeilge

Tá smaointe breise ann i *Sceitimíní* maidir le gníomhaíochtaí inar féidir dul siar a dhéanamh ar aidiachtaí agus briathra nua.

Breathnaigh ar na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- A Mhalairt!
- Druil na mBriathra
- Ach, Mar Sin
- Ní Chreidfeá an Méid a Tharla!
- Jenga
- Tuismeá
- Cad a dhéanfaidh tú?

Tá smaointe maidir le foclóir a mhúineadh ar The Literacy Channel.

👁️ Breathnaigh ar an gcainéal YouTube [anseo](#).

## Coincheapa Nua agus an Cumas Ilteangach

Is féidir aitheantas a thabhairt don fhoclóir atá ag an bpáiste i dteanga eile sna gníomhaíochtaí seo a leanas i [Sceitimíní](#):

- Céad Míle Focal Romhat
- Mo Chumas Gaeilge agus Mo Chumas Ilteangach



## 6. Seanchas, Scéalaíocht agus Líofacht Léitheoireachta

Tá traidisiún láidir seanchais agus scéalaíochta sa Ghaeilge. Bhí an-bhua ag an seanchaí agus an scéalaí an slua a mhealladh lena mbua scéalaíochta. Tá sé mar aidhm ag an Líofacht Léitheoireachta go mbeidh páistí in ann píosa a léamh le brí, le muinín agus leis an bprosóid chuí. Is féidir an-leas a bhaint as an bhfilíocht agus as na teicnící a d'úsáid seanchaithe agus scéalaithe chun é seo a fhorbairt.

Díreofar isteach ar na mionghnéithe seo a leanas:

- Léitheoireacht Mhúnlaithe
- Léitheoireacht Mhacalla
- Críochnaigh an Abairt
- Cogarléitheoireacht
- Léigh le Tobaloo
- Léitheoireacht Aithriseach


### Cineálacha Éagsúla Léitheoireachta


Tá roghanna éagsúla léitheoireachta ar fáil don mhúinteoir. Baineann na roghanna ar bharr an liosta le cineálacha cur chuige a stiúran an múinteoir. Is fiú tosú leis na cinn seo. Baineann na cinn ar bhun an liosta le cinn a stiúran an páiste de réir mar a éiríonn siad níos muiníní. Tá na straitéisí seo bunaithe ar Mehigan (2020).

### Léitheoireacht Mhúnlaithe

Ciallaíonn sé sin go ndéanann an múinteoir múnú ar an téacs a léamh amach os ord. Is féidir úsáid a bhaint as puipéad chun múnú a dhéanamh air.

Is fiú deiseanna a thabhairt do pháistí éisteacht le guthanna éagsúla ag léamh as Gaeilge.

 Breathnaigh ar dhuine ag léamh scéil ar Scéal an Lae ar TG4.

 Éist le scéalta Gaeilge i gcanúintí éagsúla ar shuíomh Séideán Sí sa chuid Áiseanna Breise Ranga.



## Léitheoireacht Mhacalla

Tosaíonn an múinteoir ag léamh an téacs le guth bríomhar muiníneach. Stopann siad tar éis abairte nó leathabairte. Ar nós macalla, léann na páistí an sliocht céanna ina d(h)iaidh.

## Críochnaigh an Abairt

Tosaíonn an múinteoir ag léamh an téacs le guth bríomhar muiníneach. An uair seo áfach, fágann siad an focal deireanach ar lár agus caithfidh na páistí an focal a chur isteach. Éiríonn go maith leis an ngníomhaíocht seo nuair a bhíonn rím sa scéal.

## Léitheoireacht Chabhrach

Tá na leabhair mhóra seo a leanas an-úsáideach chun é seo a dhéanamh le páistí:

- *Béir, béir, béir*
- *Déanfaidh mé roicéad*

Is féidir rainn agus dánta ina bhfuil rím a roghnú freisin.



Cliceáil ar an nasc seo le teacht ar rogha dánta: [Padlet COGG](#).

## Amharclann na Léitheoirí

Oireann an ghníomhaíocht seo do dhrámaí nó do dhánta ach go háirithe. Is fiú an téacs a chur ar taispeáint ar an gclár bán nó in áit fheiceálach. Tabhair carachtar amháin nó líne amháin don chéad ghrúpa. Tabhair carachtar nó líne amháin do gach grúpa eile. Cuireann gach grúpa ar siúl an chuid sin den dráma nó den dán.

## Cogarléitheoireacht

Tosaíonn an múinteoir ag léamh an téacs le guth bríomhar muiníneach. Ina dhiaidh sin, léann na páistí an sliocht ina mbeirteanna agus iad ag cogarnaíl.

## Léitheoireacht Aithriseach

Tosaíonn an múinteoir ag léamh an téacs le guth bríomhar muiníneach. Ina dhiaidh sin, léann na páistí an sliocht ina mbeirteanna agus iad ag cogarnaíl. Tá an cur chuige seo úsáideach má tá an téacs ar an gclár bán nó ar taispeáint sa seomra ranga, nó má tá cóip aonair ag na páistí den téacs. Is féidir leis an múinteoir dul timpeall agus éisteacht leis na páistí. Más maith leis an bpáiste éisteacht lena f(h)oghraíocht féin nó má chuireann torann eile sa rang isteach air / uirthi, is féidir [toobaloo](#) a úsáid.

## 7. Straitéisí Tuisceana agus Forbairt Foclóra

Tacaíonn sé le páistí sliocht a thuiscint, go háirithe i dteanga bhreise, más féidir tógáil ar eolas cúlra an pháiste. Tugann sé aitheantas don eolas coincheapúil a d'fhéadfadh a bheith acu sa chéad teanga nó i dteanga eile. Baineann roinnt de na gníomhaíochtaí thíos le tacú le páistí leis an bhfoclóir nua atá sa téacs a thuiscint.

Rachaidh sé chun leasa don pháiste freisin má bhíonn tuiscint acu ar aonad aonad brí i bhfocail áirithe, mar shampla, réimíreanna agus iarmhíreanna.


Is fiú féachaint ar an tionchar a bhí ag teangacha eile ar an nGaeilge agus ar an bhfás agus ar an bhforbairt atá tar éis teacht ar an teanga. Baineann na gníomhaíochtaí molta thíos leis an ngné Fiosrú agus Úsáid i gCuraclam Teanga na Bunscoile (2019) agus tá sé mar aidhm acu feasacht a fhorbairt ar shanasaíocht na Gaeilge.

Díreofar isteach ar na mionghnéithe seo a leanas:

- Straitéisí Tuisceana
- Ag Tógáil ar Eolas Cúlra an Pháiste
- Tacú le Forbairt Foclóra
- Réimíreanna agus Iarmhíreanna na Gaeilge
- Fás agus Forbairt na Gaeilge


### Straitéisí Tuisceana

Tá áiseanna éifeachtacha maidir leis an léamhthuiscint ar fáil ó shuíomh PDST / Oide. Is fiú iad a chur ar taispeáint sa seomra ranga.

 Breathnaigh ar na háiseanna do Straitéisí Tuisceana [anseo](#).

## Ag Tógáil ar Eolas Cúlra an Pháiste

Is féidir leas a bhaint as na straitéisí seo a leanas sula léann an múinteoir pictiúrleabhar Gaeilge. Tá sé mar aidhm ag na straitéisí thíos tacú le páistí aithne a chur ar an bpríomhcharachtar agus dul i dtaithí ar na príomheachtraí a thiteann amach.



1. **Inis leagan níos simplí den scéal le geáitsí.** Oireann sé seo go mór mór do scéal ina bhfuil turas le déanamh ag an gcarachtar. Is féidir leis na páistí mím a dhéanamh de na geáitsí.
2. Taispeáin **trí radharc thábhachtacha** as an leabhar don pháiste le go bhfeicfidh siad an príomhcharachtar agus na príomheachtraí a tharlóidh.
  - o Déan fótachóip de na trí radharc agus roghnaigh triúr páistí. Tabhair radharc amháin do gach páiste.
  - o Mínigh cad atá ag tarlú i ngach pictiúr agus iarr ar na páistí cabhrú leat an triúr a chur ina seasamh san ord ceart.
  - o Mínigh cad atá ag tarlú i ngach pictiúr arís.
3. **Léigh agus Línigh.** Roghnaigh ceithre radharc thábhachtacha sa scéal.
  - o Ar an gclár bán roinn an spás ina cheithre chuid.
  - o Déan cur síos ar an gcéad radharc agus tú ag déanamh pictiúr de. Déan é seo do gach radharc.
  - o Mínigh cad a tharlaíonn i ngach radharc. Iarr ar na páistí leathanach a roinnt ina cheithre chuid.
  - o Le chéile, déan pictiúr de na ceithre radharc agus tú ag míniú cad a tharlóidh i ngach cuid.
  - o Féach ar na moltaí chun é seo a dhéanamh leis an scéal *Míp* i *Scéalta den Scoth*.
4. **Siúlóid Pictiúr.** Téigh ó leathanach go leathanach ag déanamh cur síos ar an léaráid. Mínigh i d'fhocail féin an méid atá ag tarlú agus leag béim ar ainmneacha na gcarachtar agus na príomheachtraí.
5. **Léigh an scéal céanna sa Bhéarla agus sa Ghaeilge.**

Tá tuilleadh moltaí maidir le tarraingt ar stór ilteangach an pháiste ar fáil sa leabhar *An Ghaeilge do Gach Duine*.

## Ag Tacú le Forbairt Foclóra (Úsáid Foclóra)

Is áis iontach í Léigh Anois, go háirithe do na ranganna sinsearacha. Is féidir moladh do na hait nuachtáin a léamh sa rang. Is féidir leas a bhaint as an rogha Ceangail leis an bhFoclóir agus ansin is féidir gach téarma a cheadú san fhoclóir ar líne.

Ceangail leis an bhfoclóir

👁️ Breathnaigh ar Léigh Anois [anseo](#).

Tá foclóirí eile ar líne ar féidir le páistí úsáid a bhaint astu agus iad ag léamh as Gaeilge.

Tá [téarma.ie](#) an-úsáideach le teacht ar théarmaí comhaimseartha: [téarma.ie](#)

Tá [teanglann.ie](#) an-úsáideach chun teacht ar an bhfocal i gcomhthéacs: [teanglann.ie](#)

Tá [foclóir.ie](#) an-úsáideach más maith leat éisteacht leis an bhfocal: [foclóir.ie](#)

## Réimíreanna agus Iarmhíreanna na Gaeilge

Tarraing aird ar na réimíreanna agus iarmhíreanna atá ann sa Ghaeilge mar cabhraíonn siad linn brí an fhocail a thuiscint.

### Gníomhaíochtaí Molta

- Sna ranganna sinsearacha roghnaigh réimír agus breathnaigh ar na focail go léir a thosaíonn leis sin san fhoclóir. *An bhfeiceann tú aon bhaint idir na focail sin?*

#### Réimíreanna

cam	
iar	do
bun	idir
dé	cian
tras	comh
so	ath

- Sna ranganna sinsearacha roghnaigh iarmhír agus breathnaigh ar na focail go léir a chríochnaíonn leis an iarmhír sin. *An bhfeiceann tú aon bhaint idir na focail sin?*

#### Iarmhíreanna

lann  
óg  
óir / eoir  
ín

# 8. Fás agus Forbairt na Gaeilge

Tagann athrú ar theanga de réir mar a thagann riachtanais nua chun cinn i saol na gcainteoirí. Sa chuid thíos tá cur síos ar fhás agus forbairt na Gaeilge thar na blianta, go háirithe na téarmaí nua a tháinig isteach sa Ghaeilge le linn tréimhsí áirithe stairiúla, chomh maith leis na hathruithe a tháinig ar scríobh na Gaeilge. Tá na gníomhaíochtaí sa chuid seo ar fheasacht teanga níos oiriúnaí do na ranganna sinsearach, go háirithe sa ghné de Chuarclam Teanga na Bunscoile a bhaineann le Nuatheangacha i Rang a 3 agus Rang a 4.

Is leagan giorraithe an méid thíos ó na téacsanna údarásacha seo a leanas:

Mag Eacháin, C. (2014). *Téarmaíocht Ghaeilge na hAthbheochana*. Cois Life.

Breatnach, L. (1994). ‘An Mheán-Ghaeilge’, *Stair na Gaeilge, An Nua-Ghaeilge Chlasaiceach*, *Stair na Gaeilge*, in K. McCone et al., lgh. 221-333. Maigh Nuad, Roinn na Sean-Ghaeilge, Coláiste Phádraig.

McManus (1994). ‘An Nua-Ghaeilge Chlasaiceach’, *Stair na Gaeilge*, in K. McCone et al., lgh. 335-445. Maigh Nuad, Roinn na Sean-Ghaeilge, Coláiste Phádraig.

Ní Ghallchobhair, F. (2014). *Ár dTéarmaí Féin*. Cois Life.

O’Donnell, J. agus De Fréine, S. (1992). *Ciste Cúrsaí Reatha*. An Foras Riaracháin.

## Teacht na Críostaíochta agus Tionchar na Laidine

Tháinig an Chríostaíocht go hÉirinn sa chúigiú haois agus tháinig téarmaí eaglasta chomh maith le téarmaí a bhaineann leis an scríbhneoireacht isteach sa teanga. Ag an am sin bhí an tSean-Ghaeilge á labhairt in Éirinn.

Sa chéad cholún ar chlé tá an téarma sa tSean-Ghaeilge, sa cholún sa lár tá an leagan Laidine agus sa cholún ar dheis tá an leagan Gaeilge atá in úsáid againn inniu. Féach ar na samplaí thíos.



Sean-Ghaeilge	Laidin	An Leagan Gaeilge sa Lá Atá Inniu Ann
Sacart	Sacerdos	Sagart
Epscop	Episcopus	Easpag
Oifrend	Offerenda	Aifreann

## Gníomhaíochtaí Molta

- Féach ar na téarmaí éagsúla.
- Bain úsáid as an bhfoclóir. *Cad is brí leo?*
- *An bhfuil aon chosúlachtaí eatarthu?*
- *An bhfuil aon difríochtaí eatarthu?*
- *An bhfuil an téarma sin ar eolas agat in aon teanga eile?*
- *Cén fáth a raibh gá leis na téarmaí nua sin?*

## Teacht na Lochlannach agus Tionchar na Sean-Lochlainnise

Ón naoú haois ar aghaidh bhí tionchar ag an tSean-Lochlainnis ar an nGaeilge. Tháinig go leor focal isteach sa Ghaeilge a bhain le cúrsaí loingseoireachta agus iascaireachta.

Sa chéad cholún ar chlé tá an téarma sa tSean-Lochlainnis, sa cholún sa lár tá an leagan Laidine agus sa cholún ar dheis tá an leagan Gaeilge atá in úsáid againn inniu. Féach ar na samplaí thíos.



Sean-Ghaeilge	Sean-Lochalainnis	An Leagan Gaeilge sa Lá Atá Inniu Ann
Stiúir	Stýri	Stiúir
Tochta	Popta	Tochta
Dorga	Dorg	Dorú

## Gníomhaíochtaí Molta

- Féach ar na téarmaí éagsúla.
- Bain úsáid as an bhfoclóir. *Cad is brí leo?*
- *An bhfuil aon chosúlachtaí eatarthu?*
- *An bhfuil aon difríochtaí eatarthu?*
- *An bhfuil an téarma sin ar eolas agat in aon teanga eile?*
- *Cén fáth a raibh gá leis na téarmaí seo?*

# Teacht na Normannach agus Tionchar na hAngla-Normainnise agus an Mheán-Bhéarla

Sa dara haois déag bhí teagmháil ag muintir na hÉireann le córas eaglasta agus polaitíochta Iarthar na hEorpa. Tháinig téarmaí nua isteach sa Ghaeilge a bhain le cúrsaí dlí, riaracháin, ailtreachta, cogáíochta, faisin agus bia.

Seo roinnt focal a tháinig isteach leis na hAngla-Normannaigh:

Giúistís
Bardas
Cúirt
Garsún




## Gníomhaíochtaí Molta

- Bain úsáid as an bhfoclóir. *Cad is brí le gach focal?*
- *Conas a deirtear an focal sin san Fhraincis?*
- *An bhfuil aon chosúlachtaí eatarthu?*
- *An bhfuil aon difríochtaí eatarthu?*
- *An bhfuil an téarma sin ar eolas agat in aon teanga eile?*
- *Cén fáth a raibh gá leis na téarmaí seo?*

 Léigh faoin bhfás agus forbairt a tháinig ar an nGaeilge [anseo](#).

## Saibhreas na Lámhscríbhinní

Cé go raibh an Béarla in úsáid sna hardréimeanna sa phobal ón seachtú haois déag ar aghaidh, bhí traidisiún saibhir lámhscríbhinní á shaothrú in Éirinn ón ochtú haois. Chaith an chléir ar dtús, agus ina dhiaidh sin teaghlaigh uasail, an-dua ag cóipeáil na lámhscríbhinní ach nuair a rinneadh ionsaí ar cheantair éagsúla in Éirinn tháinig na lámhscríbhinní faoi bhagairt. A bhuí leis an digitiú atá déanta ar na foinsí tábhachtacha seo, is féidir breathnú ar lámhscríbhinní.

 Breathnaigh ar shamplaí de lámhscríbhinní [anseo](#).



## Gníomhaíochtaí Molta

- Breathnaigh ar na samplaí de lámhscríbhinní.
- *Cad a thugann tú faoi deara faoin gcineál scríbhneoireachta atá ann?*
- *An bhfuil aon litreacha mar an gcéanna?*

## An Cló Gaelach agus an Cló Rómhánach

Oireann na gníomhaíochtaí seo a leanas do na ranganna sinsearacha chun iniúchadh a dhéanamh ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir an dá chló. Bhí dhá chóras scríofa in úsáid don Ghaeilge le linn Athbheochan na Gaeilge: An Cló Gaelach agus an Cló Rómhánach. Bhí an cló Gaelach in úsáid in go leor leabhair scoile go dtí thart ar na 1970í.



## Gníomhaíochtaí Molta

- Téigh ar siúlóid timpeall na scoile. *An dtugann tú faoi deara aon fhógra atá scríofa sa chló Gaelach?*
  - Glac grianghraf díobh.
  - Téigh ar siúlóid timpeall an cheantair. *An dtugann tú faoi deara aon fhógra atá scríofa sa chló Gaelach?*
  - Glac grianghraf díobh.
- 👁️ Breathnaigh ar na grianghraif le chéile agus déan machnamh ar na spreagcheisteanna thíos.
- *Cad a thugann tú faoi deara faoin gcló?*
  - *Aimsigh an litir r. An bhfuil sé mar an gcéanna?*
  - *Aimsigh an litir s. An bhfuil sé mar an gcéanna?*
  - *An dtugann tú faoi deara aon siombail eile atá in úsáid?*
  - *Cuir ceist ar dhuine sa bhaile le fáil amach ar úsáid siad an cló Gaelach agus iad ar scoil?*
  - B'fhéidir go mbeadh leabhar scoile mar sin fós agat sa bhaile nó b'fhéidir go mbeadh aithne agat ar dhuine críonna atá in ann scríobh sa chló Gaelach. Seiceáil an bhfuil aon leabhar nó ábhar scríofa eile sa chló Gaelach agat sa bhaile.

Tá cnuasach d'fhógraí bóithre sa chló Gaelach ar fáil ar an gcuntas Instagram Fíorscríobh.



## Tionchar na Gaeilge ar an mBéarla

Nuair a bhíonn pobail ag imeascadh le chéile bíonn teangacha ag meascadh le chéile freisin. Tugtar Béarla na hÉireann ar an nGaeilge a a labhraítear agus a úsáidtear in Éirinn. Ní nach ionadh gur fhág an Ghaeilge a rian ar an mBéarla seo.

Smaoinigh ar na nathanna seo a leanas:

The head on you!

It was in smithereens.

It was a great filum.

### Gníomhaíochtaí Molta

- Cuir ceist ar dhuine ó thír eile a labhraíonn Béarla. *An mbíonn an nath sin in úsáid acu riamh?*
- Smaoinigh ar an leagan Gaeilge de. *An bhfuil aon chosúlachtaí eatarthu?*
- *An bhfuil aon difríochtaí eatarthu?*

### Léitheoireacht Chabhrach

Tá na leabhair seo a leanas suimiúil má tá tú ag féachaint ar thionchar na Gaeilge ar an mBéarla:

Todd, L. (2000). *Green English. Ireland's influence on the English language*. Foreign Language Study.

Dolan, T. (2020). *A Dictionary of Hiberno-English*. Gill Books.

# An Ghaeilge ag Síorfhás agus Síorfhorbairt

Bhí teagmháil ag an nGaeilge le teangacha agus cultúir éagsúla thar na blianta. Bhí an Ghaeilge riamh in ann déileáil le coincheapa nua agus a cuid foclóra agus téarmaíochta a fhairsingiú nuair ba ghá (Mag Eacháin, 2014, lch 4).

Thar na blianta bhí grúpaí faoi leith ag obair ar théarmaí nua a thabhairt isteach sa teanga, mar shampla, An Coiste Téarmaíochta a bhunaigh Conradh na Gaeilge in 1907 agus An Coiste Téarmaíochta a bhunaigh Rialtas na hÉireann in 1927.

Mar a dhéantar sa Bhéarla agus i dteangacha eile, tagann grúpa de shaineolaithe le chéile chun aon téarma nua a phlé. Sa Ghaeilge, féachtar an bhfuil an téarma in úsáid ag cainteoirí dúchais (mar shampla, féinín) nó an bhfuil an téarma nua bunaithe ar fhréamh focail Gaeilge.



Léigh faoin gCoiste Téarmaíochta [anseo](#).

## Léitheoireacht Chabhrach

Tá eolas suimiúil sa leabhar *Ár dTéarmaí Féin* maidir le straitéisí chun focail nua a cheapadh (lgh. 167-191).

Is féidir teacht ar go leor téarmaí comhaimseartha Gaeilge ar [www.tearma.ie](http://www.tearma.ie).

## Gníomhaíochtaí Molta

- Smaoinigh ar fhocail nua a tháinig isteach sa Bhéarla chomh maith – jeggings, selfie. Cén Ghaeilge atá orthu?
- Ar mhaith leat focal Gaeilge nua a chumadh? Má tá téarma nua le moladh agat, nó má tá ceist agat faoi théarma éigin sa Ghaeilge is féidir teagmháil a déanamh le [tearmai@forasnagaeilge.ie](mailto:tearmai@forasnagaeilge.ie)

# Toil agus Scil Léitheoireachta



